

Aistear Síolta

Treoir Chleachtais



**Tacú le hAistrithe:
*Léargas Ginearálta***

Naisc le hAistear agus le Síolta

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Treoirlínte don Dea-Chleachtas: Comhpháirtíochtaí a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí (lgh 6-25), Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta (lgh 27-30 agus 46-47), Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe (lgh 78-79)

Caighdeán Síolta

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3

6: Aistrithe, C13.1, 13.2, 13.3

Achoimrí Taighde atá nasctha leis na *Caighdeán* thuas

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag earnáil na luath-óige ar *Aistear* agus *Síolta* a úsáid, cuimsíonn an *Treoir Chleachtais*:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- 6 Cholún Idirnascthaan **Churaclaim**:
 1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
 2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
 3. Foghlaim trí mheán an tSúgartha
 4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
 5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
 6. Tacú le hAistrithe.


Sa doiciméad seo, tugtar foramharc ar an gcolún **Tacú le hAistrithe**. Tá réimse acmhainní sa cholún a chabhróidh leat tacú le haistrithe leanaí isteach i do shuíomh agus tríd, agus amach as.

Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar Bhunchlocha an Churaclaim.

Cén fáth díriú ar thacú le haistrithe?

In *Aistear* agus *Síolta*, leagtar béim ar a thábhachtaí atá aistrithe tacúla éasca sa luath-óige. Is é is aistriú ann an próiseas trína n-aistrítear ó chás amháin go cás eile agus am a ghlacadh chun dul i dtaithí air sin. Is minic gur clocha míle tábhachtacha i saol linbh iad aistrithe móra, agus is athrú a bhíonn iontu do leanaí agus dá dteaghlach. Cloch mhíle ollmhór do leanaí is ea an t-aistriú ón mbaile go dtí an chéad suíomh lasmuigh de. Tarlaíonn cineálacha eile aistrithe níos minice, mar shampla an t-aistriú ó sheomra amháin go seomra eile i suíomh, nó ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile le linn an lae. Tá caidrimh mhaithe ríthábhachtach le cinntiú go dtarlaíonn gach aistriú gan stró.

Tá smaointe agus moltaí sa dá chreat maidir le conas aistrithe a éascú ar bhealach íogair, freagrúil agus tuisceanach. Saintréithe agus meonta pearsanta, cúlra teaghlaigh agus cultúrtha, agus taithí roimhe seo ar shuíomhanna luath-óige nó aistrithe, téann siad sin ar fad i bhfeidhm ar an gcaoi a dtéann leanaí i dtaithí ar shuíomh nua, ar sheomra nua nó ar aistrithe sa ghnáthamh laethúil.



Bíonn ról ríthábhachtach ag cleachtóirí chun tacú le leanaí athruithe a thuar agus déileáil leo trí chaidrimh iontaofa sheasmhacha, leanúnachas cúraim, agus bonn slán a sholáthar. Bíonn eispéireas an-dearfach ag leanaí ar aistrithe nuair a bhíonn na daoine tábhachtacha ina saol ag comhoibriú agus ag comhroinnt faisnéis thábhachtach, agus nuair a bhíonn na daoine sin ag obair as lámha a chéile. Tá sé tábhachtach freisin go gcabhraíonn cleachtóirí le leanaí na gnáthaimh a thuiscint agus go míníonn siad dóibh céard a tharlóidh ina dhiaidh sin ar bhealach séimh comhsheasmhach.



Tá *Tacú le hAistrithe* ar cheann de cholúin an churaclaim in *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. Cuirtear i gcuimhne dúinn sa réamhrá gearr seo cén fáth a bhfuil aistrithe tábhachtach, tá léargas ginearálta gairid ann ar na hacmhainní sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus tá moltaí ann maidir leis an gcaoi a bhféadfá iad sin a úsáid.

Sonraítear an méid seo a leanas i bprionsabal *Aistear* maidir le caidrimh:

Tá gá bunúsach ag leanaí a bheith i gcuideachta daoine eile. Foghlaimíonn siad agus forbraíonn siad trí mheán caidrimh ghrámhara chothaitheacha le daoine fásta agus le leanaí eile, agus tá tionchar ag caighdeán an idirghníomhaithe sin ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt (Prionsabail agus téamaí, 2009, lch 9).

Ar an gcaoi chéanna, aithnítear an méid seo a leanas i bprionsabal *Síolta* maidir le caidrimh:

Is é an dea-chaidreamh buan, tuisceanach, urramach a chinntíonn comhsheasmhacht agus leanúnachas le himeacht aimsire, an chuid lárnach de leas an pháiste (2006, lch 7).

I gCaighdeán 13 de *Síolta, Aistrithe*, léirítear a thábhachtaí atá sé aistrithe, leanúnachas cúraim, caidrimh agus eispéiris do leanaí a láimhseáil ar bhealach íogair. Aibhsítear ann freisin a thábhachtaí atá comhroinnt faisnéise idir na daoine ar fad atá páirteach i mblianta luath-óige leanaí, lena n-áirítear tuismitheoirí, cleachtóirí agus, nuair is cuí, daoine gairmiúla cuí. Is ceart do chleachtóirí bheith réamhghníomhach maidir le nascadh le tuismitheoirí agus cumarsáid a dhéanamh leo chun cumarsáid éifeachtach a chur ar bun. Is ceart dóibh freisin a laghad aistrithe a dhéanamh sa lá agus is féidir agus gach aistriú nach gá a sheachaint.

I dTábla 1, tugtar achoimre ar chineálacha éagsúla aistrithe a dteastaíonn pleanáil agus comhoibriú cúramach uathu.

Tábla 1: Aistrithe a aicmiú

	Cineál aistrithe	Daoine atá páirteach i dtacú le leanaí an t-aistriú a dhéanamh
Aistrithe laethúla	Teacht chuig an suíomh gach lá	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach Daoine breise: Cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, bainisteoir nó fáilteoir suímh, feighlí leanaí
	Am dul abhaile	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach Daoine breise: Cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, bainisteoir nó fáilteoir suímh, feighlí leanaí
	Ag aistriú ó ghníomhaíocht amháin go gníomhaíocht eile	Daoine ríthábhachtacha: Gach cleachtóir ag obair leis an leanbh, piaraí sa ghrúpa/phéire Daoine breise: Piaraí eile
	Gnáthaimh ag tús agus ag deireadh an chúraim, amhail clúidíní a athrú, leanaí a thabhairt chuig an leithreas, am codlata nó béile	Daoine ríthábhachtacha: Duine lárnach Daoine breise: Cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, piaraí eile
	Ag teacht isteach ón taobh amuigh (agus a mhalairt)	Daoine ríthábhachtacha: Gach cleachtóir ag obair leis an leanbh; piaraí sa ghrúpa/phéire Daoine breise: Piaraí eile
	Glanadh suas	Daoine ríthábhachtacha: Gach cleachtóir ag obair leis an leanbh; piaraí sa ghrúpa/phéire Daoine breise: Piaraí eile
Aistrithe rialta	Bogadh chuig seomra nua sa suíomh	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach reatha agus nua Daoine breise: Bainisteoir suímh, cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, piaraí
	Duine lárnach a athrú	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach reatha agus nua Daoine breise: Bainisteoir suímh, cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, piaraí
	Freastal ar sheirbhís bhreise, mar shampla teiripe urlabhra agus teanga	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach, daoine gairmiúla ábhartha Daoine breise: Cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh

	Cineál aistrithe	Daoine atá páirteach i dtacú le leanaí an t-aistriú a dhéanamh
Mór-aistrithe	Isteach sa suíomh	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, bainisteoir an tsuímh agus duine lárnach Daoine breise: Teaghlach níos leithne an linbh, cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh, feighlí linbh
	An t-aistriú chuig an mbunscoil	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, duine lárnach, múinteoir bunscoile Daoine breise: Bainisteoir an tsuímh, príomhoide nó múinteoir teagmhála baile, scoile agus an phobail, feighlí linbh
	An t-aistriú chuig suíomh eile	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí, bainisteoir an tsuímh reatha/duine lárnach sa suíomh reatha, bainisteoir an tsuímh nua/duine lárnach sa suíomh nua Daoine breise: Cleachtóirí eile ag obair leis an leanbh
	Aistrithe i saol linbh amhail leanbh nua sa teaghlach, aistriú tí, bás, nó deireadh le caidreamh	Daoine ríthábhachtacha: Tuismitheoirí agus an teaghlach Daoine breise: Oibrí lárnach, bainisteoir an tsuímh, daoine gairmiúla eile ag obair leis an leanbh agus leis an teaghlach, mar shampla oibrí sóisialta



Na hacmhainní sa cholún seo a úsáid

Amhail na colúin ar fad sa Treoir Chleachtais, tá cúig aicme acmhainní in *Tacú le hAistrithe*:

1. Uirlisí Féinmheastóireachta
2. Samplaí agus Smaointe don Chleachtas
3. Acmhainní le Comhroinnt
4. Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta
5. Gailearaí.

Tá acmhainní ann i ngach aon chatagóir le tacú leat machnamh a dhéanamh ar do chleachtas. B'fhéidir gur mhian leat súil a chaitheamh ar na **hUirlisí Féinmheastóireachta** ar dtús d'fhonn cabhrú leat do chuid láidreachtaí a aithint agus tú ag tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí trí mheán an tsúgartha, chomh maith leis na hathruithe is mian leat a dhéanamh a bhreacadh síos. Ina dhiaidh sin, b'fhéidir gurbh fhiú duit breathnú ar shamplaí agus smaointe ó chleachtóirí eile.

Tá siad sin le fáil sna hEispéiris Foghlama atá nasctha le téamaí **Aistear**, podchraoltaí gearra, láithreoirachtaí grianghraf, gearrthóga físe agus bileoga leideanna praiticiúla sna codanna **Samplaí agus Smaointe don Chleachtas** agus **Acmhainní le Comhroinnt** ag www.aistearsiolta.ie. Ansin is féidir leat na **hUirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta** a úsáid chun cabhrú leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe sonracha is mian leat a dhéanamh sa suíomh. Ar deireadh, tá smaointe breise maidir le tacú le haistrithe le fáil i **nGailearaí** de ghrianghraif fhotheidealaithe ó shuíomhanna luath-óige éagsúla. Tugtar forléargas i dTábla 2 thíos ar na hacmhainní go léir atá ar fáil sa cholún seo.



Tábla 2: Acmhainní sa Cholún Tacú le hAistrithe

Catagóir agus Cuspóir	Teideal na hAcmhainne
Uirlisí Féinmheastóireachta Tugann siad seo leideanna le cabhrú le cleachtóirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre chun buanna agus dúshláin a aithint agus chun athruithe a ba mhian leo a dhéanamh a bhreacadh síos.	<p>Tacú le hAistrithe: Uirlis Féinmheastóireachta</p> <p>Féachtar ar cheithre ghné san uirlis seo:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Aistriú ón mbaile go suíomh cúram lae/suíomh seisiúnach 2. Aistrithe sa ghnáthamh laethúil 3. Aistrithe ó sheomra go seomra 4. An t-aistriú chuig an mbunscoil.
Samplaí agus Smaointe don Chleachtas Léirítear sna hábhair seo samplaí den chaoi a dtacaítear le haistrithe i suíomhanna luath-óige éagsúla.	<p>Podchraoltaí agus Láithreoirachtaí Grianghraf</p> <ul style="list-style-type: none"> • <u>Córas Duine Lárnach a úsáid (Breith-3 bliana d'aois)</u> • <u>Gnáthaimh spráúla agus idirghníomhaíochtaí spreagthacha (Breith-3 bliana d'aois)</u> • <u>Stíl idirghníomhach chomhsheasmhach a fhorbairt i do shuíomh féin (Breith-6 bliana d'aois)</u> • <u>An gnáthamh laethúil a athbhreithniú agus a chur in oiriúint (3-6 bliana d'aois)</u> • <u>Tacú leis an aistriú ó sheomra go seomra laistigh de shuíomh</u> • <u>Dóthain ama a chur ar fáil don súgradh</u> <p>Eispéiris Foghlama (3-6 bliana d'aois)</p> <ul style="list-style-type: none"> • <u>Glactar leis an uile dhuine</u> • <u>Fuair Rover bás</u> • <u>Déanfaidh mé liom féin é!</u> • <u>Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí Phlean Oideachais don Dalta Aonair (IEP)</u> • <u>Is féidir linne cinneadh a dhéanamh</u> • <u>Buile an drum</u> • <u>Dialann laethúil Paul</u> • <u>An dtuigeann tú mo chultúr agus mo thraidisiún?</u> • <u>An nuachtlitir</u> • <u>Cumhacht an cheoil agus na scéalaíochta</u>

Catagóir agus Cuspóir	Teideal na hAcmhainne
Acmhainní le Comhroinnt Áirítear leo seo leidbhileoga ina bhfuil smaointe chun tacú le haistrithe.	Leidbhileoga <ul style="list-style-type: none"> Cur chuige duine lárnach a úsáid (Breith-3 bliana d'aois) Tacú le hidirghníomhaíochtaí ardchaighdeán le linn na ngnáthamh cúraim (Breith-3 bliana d'aois)
Uirlisí Pleanáil Ghníomhaíochta Cabhraíonn siad seo le cleachtóirí pleanáil d'athruithe i réimse ar leith dá gcuid oibre chun tacú le haistrithe.	Tacú le hAistrithe: Teimpléad Pleanáil Ghníomhaíochta
Gailearaí Cuimsítear leis seo grianghraif ó réimse suíomhanna luath-óige agus tá smaointe breise ann maidir le tacú le leanaí aistrithe a dhéanamh.	Gailearaí

